# AN TACHT UM THÉARMAÍ FOSTAÍOCHTA, 1994 agus 2011

## RÁITEAS SAMPLACH SCRÍOFA THÉARMAÍ NA FOSTAÍOCHTA

Féadfaidh fostóirí an fhoirm seo a úsáid chun ráiteas scríofa de shonraí théarmaí na fostaíochta a sholáthar d'fhostaí, amhail a cheanglaíonn an tAcht thuas.

**TÁBHACHTACH: Léigh na nótaí mínitheacha atá ar ceangal leis seo sula gcomhlánaítear an fhoirm, le do thoil**

Baineann an ráiteas seo le (**AINM AN FHOSTAÍ**) ____________________________________________

(a) **AINM AN FHOSTÓRA**
**(Féach Nóta 1)** ____________________________________________

(b) **SEOLADH AN FHOSTÓRA**
**(Féach Nóta 2)** ____________________________________________

(c) **ÁIT OIBRE**
**(Féach Nóta 3)** ____________________________________________

(d) **TEIDEAL AN PHOIST**
**NÓ CINEÁL NA HOIBRE** ____________________________________________
**(Féach Nóta 4)**

(e**)** **DÁTAÍ TOSAIGH NA FOSTAÍOCHTA** ____________________________________________

(f) (i) **MÁS CONRADH SEALADACH (**fad ionchasach an chonartha shealadaigh sin)

____________________________________________

(ii) **MÁS CONRADH TÉARMA SHEASTA** (an dáta a éagfaidh an conradh sin)

____________________________________________

(Mura leor an spás faoi aon cheann de na teidil, féadfaidh fostóirí na sonraí ábhartha a chur san áireamh in Aguisín leis an ráiteas seo).

(g) **RÁTA LUACH SAOTHAIR** ____________________________________________
**(Féach Nóta 5 agus Nóta 6)**

**TRÉIMHSE THAGARTHA PÁ ÍOSTA** (tréimhse a úsáidtear chun an ráta pá in aghaidh na huaire a ríomh don Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000. Ní féidir leis an tréimhse aon mhí a shárú) **(Féach Nóta 6)**

____________________________________________

(g) (a) Féadfaidh an fostaí, faoi Alt 23 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000, ráiteas scríofa a iarraidh ón bhfostóir ar mheánráta pá in aghaidh na huaire d'aon tréimhse thagartha pá a bhíonn i gceist le 12 mhí anuas, amhail a cheanglaítear san alt sin.

(h) **EATRAIMH PHÁ**
(gach seachtain, gach mí nó eile) ____________________________________________

(i) **UAIREANTA OIBRE** (ragobair, sosanna scíthe, agus Tréimhse Shosa Nach bhFuarthas san áireamh) **(Féach Nóta 7)**

Gnátham tosaigh ___________________________________

Gnátham deiridh ___________________________________

**Tréimhsí Sosa**
Bíonn fostaithe i dteideal;

- Tréimhse laethúil scíthe 11 uair a chloig as a chéile i dtréimhse 24 huaire a chloig. Tréimhse sheachtainúil scíthe 24 uair an chloig i ndiaidh a chéile in aghaidh gach seacht lá, tar éis tréimhse laethúil scíthe.
- Sos 15 nóiméad má oibrítear ar feadh 4.5 uair.
- Sos 30 nóiméad má oibrítear 6 huaire an chloig.

Níl aon teidlíocht reachtúil ann maidir le híocaíocht i leith sosanna. Cumhdaítear roinnt tionscal ag Comhaontaithe Fostaíochta Cláraithe (REAanna) agus Orduithe Rialaithe Fostaíochta (EROanna), ina bhféadfadh rialacháin bheith maidir le sosanna

**Ní bhfuarthas an Tréimhse Scíthe**
**Nóta don Fhostóir**
Tabhair breac-chuntas ar an nós imeachta don fhostaí chun an fostóir a chur ar an eolas i scríbhinn nach bhfuair sé/sí a dteidlíochtaí a shonraítear thuas. Ní mór an fógra seo a thabhairt laistigh de sheachtain amháin tar éis nach raibh fáil acu ar a dteidlíocht. (Féach I.R. 473 de 2001)

(j) **SAOIRE ÍOCTHA (seachas saoire bhreoiteachta) (Féach Nóta 8)**

Teidlíocht do Shaoire Bhliantúil ________________________________

Teidlíocht do Shaoire Phoiblí ___________________________________

(k) (i) **ÉAGUMAS CHUN OIBRE/BREOITEACHT/PÁ BREOITEACHTA (Féach Nóta 9)**

________________________________________________________________________

(ii) **PINSEAN AGUS SCÉIMEANNA PINSEAN**
(An ceanglas dlí go soláthraíonn fostóir rochtain ar Scéim Pinsin) **(Féach Nóta 10)**

________________________________________________________________________

(l) **TRÉIMHSE NA FÓGRAÍOCHTA ATÁ LE TABHAIRT SULA GCUIRTEAR DEIREADH LE FOSTAÍOCHT**
**(Féach Nóta 11)**

(a) fostóir le fostaí ____________________________________________

(b) ag fostaí le fostóir __________________________________________

(m) **COMHAONTUITHE COMHCHOITEANNA ÁBHARTHA**
**(Orduithe Rialaithe Fostaíochta agus Comhaontú Fostaíochta Cláraithe) (Féach Nóta 12)**

(n) **Bainteach le Fostaithe faoi 18 mBliana d'Aois (Féach Nóta 14)**
Cóip d'achomaireacht den Acht um Chosaint Daoine Óga, 1996 tugtha d'fhostaí tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis tús a chur leis an bhfostaíocht. (Bileog PYP)

(o) **NÓSANNA IMEACHTA CASAOIDE AGUS DISCIPLÍNEACHA (Féach Nóta 15)**

**Maidir le haon athruithe ar na sonraí a thugtar thuas agus fostaíocht lasmuigh den Stát, féach Nóta 13, le do thoil.**

Sínithe:_____________________________________ Dáta:_______________________
(Dílseánach/Bainisteoir/Rúnaí na Cuideachta/Bainisteoir Pearsanra)

# NÓTAÍ D'FHOSTÓIRÍ AR RÁITEAS SCRÍOFA A CHRÍOCHNÚ AR THÉARMAÍ FOSTAÍOCHTA FOSTAÍ

**Nóta 1 – AINM AN FHOSTÓRA –** Ní mór d'fhostóir a ainm iomlán agus cruinn a lua. I gcás Cuideachta theoranta, ba cheart ainm na Cuideachta, faoi mar a cláraíodh í leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, a thabhairt.

**Nóta 2 – SEOLADH AN FHOSTÓRA –** Tá roinnt roghanna ar fáil don fhostóir faoin teideal seo. Is éard atá beartaithe ná go dtugtar don fhostaí seoladh iomlán agus cruinn an fhostóra. Is iad seo a leanas na roghanna:-
an seoladh iomlán sa Stát

- seoladh phríomháit an ghnó ábhartha sa Stáit; d'fhéadfadh seo bheith oiriúnach i gcás gnólachta a bhfuil líon láithreacha aige.
- seoladh na hoifige cláraithe, i.e. seoladh na cuideachta faoi mar a cláraíodh í leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

**Nóta 3 – ÁIT OIBRE –** Ní mór d'fhostóir áit oibre an fhostaí a lua; murab ann d'aon áit sheasta nó aon phríomháit, ní mór don fhostóir príomháit an ghnólachta a lua agus a lua go n-iarrfar ar an bhfostaí nó go gceadófar é/í chun oibriú i láithreacha éagsúla.

**Nóta 4 – TEIDEAL AN PHOIST/CINEÁL NA HOIBRE –** Ní mór d'fhostóir teideal an phoist a lua, e.g. oibrí ginearálta, cléireach cuntas nó cineál na hoibre a lua, e.g. obair thógála, obair chuntas etc.

**Nóta 5 - TÁBHACHTACH –** Sa chás go bhfuil fostaithe cumhdaithe ag Ordú Rialaithe Fostaíochta nó Comhaontú Fostaíochta Cláraithe, is leor an fostaí a chur ar an eolas ar fhorálacha na reachtaíochta ábhartha, is é sin, Ordú Rialaithe Fostaíochta, comhaontú fostaíochta cláraithe a cláraíodh leis an gCúirt Oibreachais, comhaontú comhchoiteann nó lámhleabhar cuideachta do na limistéir a shonraítear in (g) go (l). Ba cheart cóipeanna de na cáipéisí seo a chur ar fáil, chomh maith, áfach.

**Nóta 6 – RÁTA LUACH SAOTHAIR/BEALAÍ CHUN LUACH SAOTHAIR A RÍOMH –** Anuas ar an mbunphá, cuimsíonn an teideal aon ghnéithe eile de luach saothair ar nós bónas, coimisiúin, dreasachtaí táirgiúlachta etc. (Mura dtugann an fostóir sonraí ar an ráta luach saothair, ní mór dó/di sonraí a thabhairt ar an modh chun an luach saothair a ríomh).Más cuí, d'fhéadfaí a lua go leagtar an ráta amach in Ordú sonraithe Rialaithe Fostaíochta nó i gComhaontú Fostaíochta Cláraithe.Caitear leis na híocaíochtaí a leanas mar phánna:

- gnáth-bhunphá mar aon le haon ragobair,
- liúntais sealoibre nó íocaíochtaí cosúla eile,
- aon táille, bónas nó coimisiún,
- aon phá saoire, breoiteachta nó máithreachais,
- aon sochar nó íocaíocht ar obair (cibé acu a rinneadh faoi chonradh fostaíochta nó eile), agus
- aon suim atá iníoctha le fostaí in ionad fógra foirceanta fostaíochta.

Ní mór don fhostóir an tréimhse thagartha pá a thabhairt le fios chun críocha an Achta um Pá Íosta Náisiúnta, 2000. Anuas air sin, ní mór don fhostóir a lua go bhféadfaidh an fostaí ráiteas scríofa a iarraidh ón bhfostóir ar mheánráta pá in aghaidh na huaire d'aon tréimhse thagartha pá a thagann a bhí i gceist laistigh de na 12 mhí roimhe sin, amhail a fhoráiltear in Alt 23 den Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000.

**Nóta 7 – UAIREANTA OIBRE –** Ní mór d'fhostóirí sonraí a thabhairt faoi na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le huaireanta oibre, ragobair san áireamh; ba cheart go n-áireofar leis seo socruithe maidir le fad na ngnáthuaireanta oibre, obair ar an Satharn/Domhnach, obair thráthnóna, uainchláir sheala nó socruithe eile den sórt sin, amhail is cuí, agus sonraí faoi shosanna scíthe agus tréimhsí scíthe faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997.

**Nóta 8 – SAOIRE ÍOCTHA –** Ní mór d'fhostóirí sonraí a thabhairt ar aon téarmaí nó coinníollacha a bhaineann le saoire íoctha (seachas saoire bhreoiteachta íoctha atá cumhdaithe i Nóta 9 thíos); ba cheart go n-áireofaí leis seo aon scéimeanna íoctha saoire, mar shampla, laethanta saoire, saoire mháithreachais, speisialta etc. agus aon socruithe a bhaineann leis an tsaoire sin.

**Nóta 9 – SAOIRE BHREOITEACHTA –** Ní mór d'fhostóirí aon téarmaí agus coinníollacha a lua a bhíonn i gceist le fostaí maidir le héagumas chun oibriú nó breoiteacht/gortú agus saoire íoctha bhreoiteachta, e.g. téarmaí agus coinníollacha scéimeanna pá breoiteachta, neamhláithreachtaí a thuairisciú, teastais leighis a chur i dtoll a chéile, rialacha a bhaineann le híocaíocht etc. Má tá an fhostaíocht seo cumhdaithe ag ERO nó REA, ba cheart é seo a lua.

**Nóta 10 – PINSIN –** Ní mór d'fhostóirí téarmaí agus coinníollacha aon scéimeanna pinsin agus aon socruithe a bhaineann le pinsin a lua. Is féidir breis faisnéise a fháil maidir le pinsin ag www.pensionsboard.ie, uimhir ghutháin 01 613 19000, Íosghlao 1890 656565.

**Nóta 11 – FÓGRA –** Ní mór d'fhostóirí sonraí a thabhairt ar an tréimhse fógra atá le tabhairt ag an bhfostóir ag an bhfostaí sula gcuirfear deireadh leis an gconradh fostaíochta.Mura féidir a thabhairt le fios tréimhse an fhógra nuair a thugtar an ráiteas scríofa d'fhostaí, ba cheart don ráiteas a thabhairt le fios go soiléir an modh chun an tréimhse fógra a dheimhniú. Nuair a bhíonn teidlíocht reachtúil ag fostaí i leith fógra faoi théarmaí an Achta um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973, ba cheart é seo a chur in iúl.

**Nóta 12 – COMHAONTUITHE COMHCHOITEANNA –** Ní mór d'fhostóirí tagairt a dhéanamh d'aon chomhaontuithe comhchoiteanna a imríonn tionchar ar théarmaí agus coinníollacha fostaíochta an fhostaí. I gcás comhaontuithe comhchoiteanna nach raibh an fostóir ina p(h)áirtí leo, ach a bhaineann leis an bhfostaíocht atá i gceist, ba cheart eagraíochtaí a rinne an comhaontú a thabhairt le fios.Bheadh comhaontú cláraithe mar shampla de seo lena nglacann fostóirí agus ceardchumainn áirithe laistigh d'earnáil ghníomhaíochta ach a bhíonn ina gceanglas ar chách. Ní mór do EROanna nó REAanna a bheith sonraithe má bhaineann siad leis an bhfostaíocht.Bíonn seo anuas ar na ceanglais chun cóipeanna de na comhaontuithe a scaipeadh nó a thaispeáint.

**Nóta 13 – ATHRUITHE BREISE AR NA NÓTAÍ SNA**

**TÉARMAÍ FOSTAÍOCHTA**
Ba cheart d'fhostóirí a thabhairt faoi deara, sa chás go mbíonn aon athruithe ar na sonraí a chuimsítear sa ráiteas scríofa, ní mór don fhostóir an fostaí a chur ar an eolas faoi chineál agus dáta an athraithe laistigh de mhí amháin tar éis go mbíonn éifeacht ag an athrú.I gcás athruithe mar thoradh ar fhostaí a bheith sannta d'fhostaíocht lasmuigh den Stát ar feadh tréimhse nach lú ná mí amháin, ní mór cineál agus dáta an athraithe a thabhairt le fios sula n-imíonn an fostaí ón Stát.Ní mór don bheirt pháirtithe comhaontú a dhéanamh ar athruithe ar na téarmaí fostaíochta sula gcuirfear na hathruithe sin i bhfeidhm.

**FOSTAÍOCHT LASMUIGH DEN STÁT**
Ba cheart d'fhostóirí a thabhairt faoi deara, chomh maith, nuair a shanntar fostaí d'fhostaíocht lasmuigh den Stát ar feadh tréimhse nach lú ná mí amháin, ceanglaítear ar fhostóir faoi Alt 4 den Acht chun breis faisnéise a sholáthar a bhaineann leis an bhfostaíocht lasmuigh den Stát (féach an bhileog mhínitheach ar an Acht chun teacht ar bhreis sonraí).Féadtar an fhaisnéis bhreise a sholáthar in Aguisín leis an ráiteas.

**Nóta 14 – NÍ BHFUARTHAS AN TRÉIMHSE SCÍTHE**
Déanann Alt 12 den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 foráil do scíth agus eatraimh le haghaidh oibre. Forálann Alt 12(2) don mhéid a leanas: 'Ní iarrfaidh fostóir ar fhostaí oibriú ar feadh tréimhse nach mó ná 6 huaire an chloig gan sos ar a laghad 30 nóiméad a thabhairt dó/di; san áireamh leis an sos sin, féadtar an sos dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a áireamh (1)."

Cheadódh cur i bhfeidhm dian an mhéid roimhe seo d'fhostóir iarraidh ar fhostaí chun oibriú ar feadh sé huaire an chloig a thugann sos ar a laghad 30 nóiméad dó nó di. Ní mór do dhuine, áfach, breithniú a dhéanamh ar chineál na hoibre atá á déanamh agus ar impleachtaí féideartha sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le ligean do dhuine éigin chun oibriú ar feadh tréimhse sách fada gan sos a fháil.Mheasfaí cinnte go mbeadh an sampla a bheartaíonn an comhfhreagraí san fhiosrúchán atá ar ceangal leis seo do-ghlactha ó pheirspictíocht sláinte agus sábháilteachta – gan aird ar chineál na hoibre atá á déanamh.

Ní féidir an sos 15/30 nóiméad (de réir mar a bheidh) a bhfuil fostaí i dteideal a fháil mar iarmhairt ar Alt 12, a chur siar go dtí deireadh an lae oibre; ní mór é a thabhairt don fhostaí i gcaitheamh an lae oibre. (Féach Alt 12(4)). Anuas air sin, tá reachtaíocht thánaisteach ann, a rialaíonn sosanna scíthe a sholáthar, go háirithe fostaíocht, agus is gnách go mbíonn seo níos saintreoraí ná an fhoráil ghinearálta a chuimsítear in Alt 12 den Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (e.g. na Rialacháin um Eagrú Ama Oibre (Sosanna le linn Oibre le haghaidh Fostaithe Siopa) (I.R. 1998 Uimh. 57); féach chomh maith Orduithe éagsúla Rialaithe Fostaíochta).

Tá sosanna éigeantach agus ní féidir le fostaithe a gcearta chun iad a fháil a tharscaoileadh.

**Nóta 15 – Chun teacht ar Fhaisnéis Ghinearálta ar Nósanna Imeachta Disciplíneacha, úsáid an nasc a leanas, le do thoil:**

http://www.workplacerelations.ie/en/Publications_Forms/Grievance_and_Disciplinary_Procedures.pdf

**Chun teacht ar Fhaisnéis Ghinearálta ar Nósanna Imeachta chun Dul i nGleic le Bulaíocht san Ionad Oibre, úsáid an nasc a leanas, le do thoil:**

http://www.workplacerelations.ie/en/Publications_Forms/Procedures_for_Addressing_Bullying_in_the_Workplace.pdf